agus as sin ó thuaidh díreach chuig an líne leithid le domhanleithead 78°10' ó thuaidh; agus teorantach ar an taobh thiar le líne a thosaíonn ag domhanleithead 61°00' ó thuaidh agus domhanfhad 65°00' siar agus a shíneann i dtreo siar ó thuaidh feadh rumlíne chuig cósta Oileán Baffin ag East Bluff (domhanleithead 61°55' ó thuaidh agus domhanfhad 66°20' siar), agus as sin ó thuaidh feadh chósta Oileán Baffin, Oileán Bylot, Oileán Devon agus Oileán Ellesmere agus ag leanúint den fhadlíne le domhanfhad 80° siar sna huiscí idir na hoileáin sin agus domhanleithead 78°10' ó thuaidh; agus teorantach ó thuaidh leis an líne leithid le domhanleithead 78°10' ó thuaidh.

Tá folimistéar 0 comhdhéanta de dhá roinn

Roinn 0A

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $66^{\circ}15'$ ó thuaidh.

Roinn 0B

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $66^{\circ}15'$ ó thuaidh

FOLIMISTÉAR 1

An chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá suite soir ó fholimistéar 0 agus ó thuaidh agus soir ó rumlíne a cheanglaíonn pointe ag domhanleithead $60^{\circ}12'$ ó thuaidh agus domhanfhad $57^{\circ}13'$ siar le pointe ag domhanleithead $52^{\circ}15'$ ó thuaidh agus domhanfhad $42^{\circ}00'$ siar.

Tá folimistéar 1 comhdhéanta de shé roinn

Roinn 1A

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $68^{\circ}50'$ ó thuaidh (Christianshaab).

Roinn 1B

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir an líne leithid le domhanleithead $66^{\circ}15'$ ó thuaidh (cúig mhuirmhíle ó thuaidh ó Umanarsugssuak) agus an líne leithid le domhanleithead $68^{\circ}50'$ ó thuaidh (Christianshaab).

Roinn 1C

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir an líne leithid le domhanleithead $64^{\circ}15'$ ó thuaidh (ceithre mhuirmhíle ó thuaidh ó Godthaab) agus an líne le domhanleithead $66^{\circ}15'$ ó thuaidh (cúig mhuirmhíle ó thuaidh ó Umanarsugssuak).

Roinn 1D

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir an líne leithid le domhanleithead $62^{\circ}30'$ ó thuaidh (Oighearshruth Frederikshaab) agus an líne le domhanleithead $64^{\circ}15'$ ó thuaidh (ceithre mhuirmhíle ó thuaidh ó Godthaab).

Roinn 1E

An chuid sin den fholimistéar idir an líne leithid le domhanleithead $60^{\circ}45'$ ó thuaidh (Rinn Desolation) agus an líne le domhanleithead $62^{\circ}30'$ ó thuaidh (Oighearshruth Frederikshaab).

Roinn 1F

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $60^{\circ}45'$ ó thuaidh (Rinn Desolation).

FOLIMISTÉAR 2

An chuid sin de Limistéar an Coinbhinsiúin atá suite soir ón bhfadlíne le domhanfhad $64^{\circ}30'$ siar i limistéar Chaolas Hudson, ó dheas ó fholimistéar 0, ó dheas agus siar ó fholimistéar 1 agus ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $52^{\circ}15'$ ó thuaidh.

Tá folimistéar 2 comhdhéanta de thrí roinn

Roinn 2G

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $57^{\circ}40'$ ó thuaidh (Rinn Mugford).

Roinn 2H

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir an líne leithid le domhanleithead $55^{\circ}20'$ ó thuaidh (Hopedale) agus an líne le domhanleithead $57^{\circ}40'$ ó thuaidh (Rinn Mugford).

Roinn 2J

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $55^{\circ}20'$ ó thuaidh (Hopedale).

FOLIMISTÉAR 3

An chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $52^{\circ}15'$ ó thuaidh, agus soir ó líne a shíneann ó thuaidh díreach ó Rinn Bauld ar chósta thuaidh Thalamh an Éisc go dtí domhanleithead $52^{\circ}15'$ ó thuaidh; ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh; agus soir agus ó thuaidh ó rumlíne a thosaíonn ag domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh, domhanfhad $50^{\circ}00'$ siar agus a shíneann siar ó thuaidh agus a théann trí phointe ag domhanleithead $43^{\circ}30'$ ó thuaidh, domhanfhad $55^{\circ}00'$ siar i dtreo pointe ag domhanleithead $47^{\circ}50'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar go dtí go dtrasnaíonn sí líne dhíreach a cheanglaíonn Rinn Ray, domhanleithead $47^{\circ}37,0'$ ó thuaidh agus domhanfhad $59^{\circ}18,0'$ siar ar chósta Thalamh an Éisc le Rinn an Tuaiscirt, domhanleithead $47^{\circ}02,0'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}25,0'$ siar ar Oileán Rinn Breton; as sin soir ó thuaidh feadh na líne sin go Rinn Ray, domhanleithead $47^{\circ}37,0'$ ó thuaidh, domhanfhad $59^{\circ}18,0'$ siar.

Tá folimistéar 3 comhdhéanta de shé roinn

Roinn 3K

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $49^{\circ}15'$ ó thuaidh (Rinn Freels, Talamh an Éisc).

Roinn 3L

An chuid sin den fholimistéar idir cósta Thalamh an Éisc ó Rinn Freels go Rinn St. Mary agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: agus an líne ag tosú ag Rinn Freels, as sin soir díreach go dtí an fhadlíne le domhanfhad $46^{\circ}30'$ siar, as sin ó dheas chuig an líne leithid le domhanleithead $46^{\circ}00'$ ó thuaidh, as sin siar díreach chuig an domhanfhad $54^{\circ}30'$ siar, as sin feadh rumlíne go Rinn St. Mary, Talamh an Éisc.

Roinn 3M

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $49^{\circ}15'$ ó thuaidh agus soir ón bhfadlíne le domhanfhad $46^{\circ}30'$ siar.

Roinn 3N

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $46^{\circ}00'$ ó thuaidh agus idir an fhadlíne le domhanfhad $46^{\circ}30'$ siar agus an fhadlíne le domhanfhad $51^{\circ}00'$ siar.

Roinn 3O

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $46^{\circ}00'$ ó thuaidh agus idir an fhadlíne le domhanfhad $51^{\circ}00'$ siar agus an fhadlíne le domhanfhad $54^{\circ}30'$ siar.

Roinn 3P

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas ó chósta Thalamh an Éisc agus siar ó líne a shíneann ó Rinn St. Mary, Talamh an Éisc go pointe ag domhanleithead $46^{\circ}00'$ ó thuaidh, domhanfhad $54^{\circ}30'$ siar, as sin ó dheas díreach go teorainn an fholimistéir.

Tá Roinn 3P roinnte ina dhá fho-roinn:

3Pn — fo-roinn thiar thuaidh — an chuid sin de roinn 3P atá suite siar ó thuaidh ó líne a shíneann ó dhomhanleithead $47^{\circ}30,7'$ ó thuaidh, domhanfhad $57^{\circ}43,2'$ siar, beagnach siar ó dheas go pointe ag domhanleithead $46^{\circ}50,7'$ ó thuaidh agus domhanfhad $58^{\circ}49,0'$ siar.

3Ps — fo-roinn thoir theas — an chuid sin de roinn 3P atá suite soir ó dheas ón líne atá sainmhínithe i bhfo-roinn 3Pn.

FOLIMISTÉAR 4

An chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá suite ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh, siar ó fholimistéar 3, agus soir ó líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas:

ag tosú ag foirceann na teorann idirnáisiúnta idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada i gCaol Grand Manan, ag pointe ag domhanleithead $44^{\circ}46'35,346''$ ó thuaidh, domhanfhad $66^{\circ}54'11,253''$ siar; as sin ó dheas díreach chuig an líne leithid le domhanleithead $43^{\circ}50'$ ó thuaidh; as sin siar díreach go domhanfhad $67^{\circ}24'27,24''$ siar; as sin feadh líne geodasaí i dtreo siar ó dheas go pointe ag domhanleithead $42^{\circ}53'14''$ ó thuaidh agus domhanfhad $67^{\circ}44'35''$ siar; as sin feadh líne geodasaí soir ó dheas go pointe ag domhanleithead $42^{\circ}31'08''$ ó thuaidh agus domhanfhad $67^{\circ}28'05''$ siar; as sin feadh líne geodasaí go pointe ag domhanleithead $42^{\circ}20'$ ó thuaidh agus domhanfhad $67^{\circ}18'13,15''$ siar;

as sin soir díreach go pointe ag domhanfhad $66^{\circ}00'$ siar; as sin feadh rumlíne soir ó dheas go pointe ag domhanleithead $42^{\circ}00'$ ó thuaidh agus domhanfhad $65^{\circ}40'$ siar agus as sin ó dheas díreach chuig an líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh.

Tá folimistéar 4 comhdhéanta de shé fho-roinn

Roinn 4R

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir cósta Thalamh an Éisc ó Rinn Bauld go Rinn Ray agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: ag tosú ag Rinn Bauld, as sin ó thuaidh díreach chuig an líne leithid le domhanleithead $52^{\circ}15'$ ó thuaidh, as sin siar díreach go cósta Labrador, as sin feadh chósta Labrador chomh fada le foirceann na teorann idir Labrador agus Québec, as sin feadh rumlíne siar ó dheas go pointe ag domhanleithead $49^{\circ}25'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar, as sin feadh rumlíne soir ó dheas go pointe ag a dtrasnaíonn teorainn Fholimistéar 3 an líne dhíreach a cheanglaíonn Rinn an Tuaiscirt, Albain Nua le Rinn Ray, Talamh an Éisc, as sin go Rinn Ray, Talamh an Éisc.

Roinn 4S

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir cósta theas Québec ó fhoirceann na teorann Labrador-Québec go Pte. des Monts agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: ag tosú ag Pte. des Monts, as sin soir díreach go pointe ag domhanleithead $49^{\circ}25'$ ó thuaidh agus domhanfhad $64^{\circ}40'$ siar, as sin feadh rumlíne soir ó dheas go pointe ag domhanleithead $47^{\circ}50'$ ó thuaidh agus domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar, as sin ó thuaidh díreach go pointe ag domhanleithead $49^{\circ}25'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar, as sin feadh rumlíne soir ó thuaidh chomh fada leis an bhfoirceann ar theorainn Labrador-Québec.

Roinn 4T

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir cóstaí Albain Nua, New Brunswick agus Québec ó Rinn an Tuaiscirt go Pte. des Monts, agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: ag tosú ag Pte. des Monts, as sin soir díreach go pointe ag domhanleithead $49^{\circ}25'$ ó thuaidh, domhanfhad $64^{\circ}40'$ siar, as sin feadh rumlíne soir ó dheas go pointe ag domhanleithead $47^{\circ}50'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar, as sin feadh rumlíne i dtreo ó dheas go dtí Rinn an Tuaiscirt, Albain Nua.

Roinn 4V

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir cósta Albain Nua, ó Rinn an Tuaiscirt go Fourchu, agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: ag tosú ag Fourchu, as sin feadh rumlíne soir go pointe ag domhanleithead $45^{\circ}40'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar, as sin ó dheas díreach feadh na fadlíne le domhanfhad $59^{\circ}00'$ siar, as sin ó dheas díreach go dtí an líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh, as sin soir díreach chomh fada leis an bpointe ag a mbuaileann an teorainn idir folimistéar 3 agus folimistéar 4 leis an líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh; as sin feadh na teorann idir folimistéar 3 agus folimistéar 4 agus líne a shíneann siar ó thuaidh go pointe ag domhanleithead $47^{\circ}50'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar, agus as sin feadh rumlíne ó dheas go dtí Rinn an Tuaiscirt, Albain Nua.

Tá Roinn 4V roinnte ina dhá fho-roinn.

4Vn— fo-roinn thuaisceartach — an chuid sin de roinn 4V atá suite ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $45^{\circ}40'$ ó thuaidh;

4Vs— fo-roinn dheisceartach — an chuid sin de roinn 4V atá suite ó dheas ón líne leithid le domhanleithead $45^{\circ}40'$ ó thuaidh;

Roinn 4W

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir cósta Albain Nua, ó Halifax go Fourchu, agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: ag tosú ag Fourchu, as sin feadh rumlíne soir go pointe ag domhanleithead $45^{\circ}40'$ ó thuaidh, domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar, as sin ó dheas díreach feadh na fadlíne le domhanfhad $60^{\circ}00'$ siar chomh fada leis an líne leithid le domhanleithead $44^{\circ}10'$ ó thuaidh, as sin soir díreach go dtí an fhadlíne le domhanfhad $59^{\circ}00'$ siar, as sin ó dheas díreach go dtí an líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh, as sin siar díreach go dtí an fhadlíne le domhanfhad $63^{\circ}20'$ siar, as sin ó thuaidh díreach go pointe ar an bhfadlíne sin ag domhanleithead $44^{\circ}20'$ ó thuaidh, as sin feadh rumlíne siar ó thuaidh go dtí Halifax, Albain Nua.

Roinn 4X

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir teorainn thiar fholimistéar 4 agus cóstaí New Brunswick agus Albain Nua, ó fhoirceann na teorann idir New Brunswick agus Maine go Halifax, agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: ag tosú ag Halifax, as sin feadh rumlíne soir ó dheas go pointe ag domhanleithead $44^{\circ}20'$ ó thuaidh, domhanfhad $63^{\circ}20'$ siar, as sin ó dheas díreach go dtí an líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh, agus as sin siar díreach go dtí an fhadlíne le domhanfhad $65^{\circ}40'$ siar.

FOLIMISTÉAR 5

An chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá suite siar ó theorainn iartharach fholimistéar 4, ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead $39^{\circ}00'$ ó thuaidh, agus soir ón bhfadlíne le domhanfhad $71^{\circ}40'$ siar.

Tá folimistéar 5 comhdhéanta de dhá fho-roinn

Roinn 5Y

An chuid sin den fholimistéar atá suite idir cóstaí Maine, New Hampshire agus Massachusetts, ón teorainn idir Maine agus New Brunswick go dtí domhanfhad 70°00' siar ar Rinn Cod (timpeall domhanleithead 42° ó thuaidh), agus líne ar a bhfuil an cur síos seo a leanas: ag tosú ag pointe ar Rinn Cod ag domhanfhad 70° siar (timpeall domhanleithead 42° ó thuaidh), as sin ó thuaidh díreach go domhanleithead 42°20' ó thuaidh, as sin soir díreach go domhanfhad 67°18'13,15" siar ag an teorainn idir folimistéar 4 agus folimistéar 5, agus as sin feadh na teorann sin chomh fada le teorainn Cheanada agus na Stát Aontaithe.

Roinn 5Z

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó dheas agus soir ó roinn 5Y.

Tá roinn 5Z roinnte ina dhá fho-roinn: fo-roinn iartharach agus fo-roinn oirthearach atá sainmhínithe mar seo a leanas:

5Ze — fo-roinn oirthearach — an chuid sin de roinn 5Z atá suite soir ón bhfadlíne le domhanfhad 70°00' siar;

Tá fo-roinn 5Ze fo-roinnte ina dhá fho-aonad¹:

Is é 5Zu (uiscí na Stát Aontaithe) an chuid sin d'fho-roinn 5Ze atá suite siar ó na línte geodasacha a cheanglaíonn na pointí sin ag a bhfuil na comhordanáidí seo a leanas:

Domhanleithead ó thuaidh		Domhanfhad siar
A	44°11'12"	67°16'46"
B	42°53'14"	67°44'35"
C	42°31'08"	67°28'05"
D	40°27'05"	65°41'59".

Is é 5Zc (uiscí Cheanada) an chuid sin d'fho-roinn 5Ze atá suite soir ó na línte geodasacha thuasluaite;

5Zw — folimistéar iartharach — an chuid sin de roinn 5Z atá suite siar ón bhfadlíne le domhanfhad 70°00' siar.

¹ Níl taifead déanta ar an dá fho-aonad seo sa séú foilseachán de chuid Choinbhinsiún NAFO (Bealtaine 2000). É sin ráite, ag leanúint ó thogra de chuid Chomhairle Eolaíoch NAFO, rinne Ard-Chomhairle NAFO iad a fhorghas de bhun Airteagal XX(2) de Choinbhinsiún NAFO.

FOLIMISTÉAR 6

An chuid sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá teorantach le líne a thosaíonn ag pointe ar chósta Oileán Rhode ag domhanfhad 71°40' siar, as sin ó dheas díreach go domhanleithead 39°00' ó thuaidh, as sin soir díreach go domhanfhad 42°00' siar, as sin ó dheas díreach go domhanleithead 35°00' ó thuaidh, as sin siar díreach go cósta Mheiriceá Thuaidh, as sin ó thuaidh díreach feadh chósta Mheiriceá Thuaidh go pointe ar Oileán Rhode ag domhanfhad 71°40' siar.

Tá folimistéar 6 comhdhéanta d'ocht bhfo-roinn

Roinn 6A

An chuid sin den fholimistéar atá suite ó thuaidh ón líne leithid le domhanleithead 39°00' ó thuaidh agus siar ó fholimistéar 5.

Roinn 6B

An chuid sin den fholimistéar atá suite siar ó dhomhanfhad 70°00' siar, ó dheas ón líne leithid le domhanleithead 39°00' ó thuaidh, agus ó thuaidh agus siar ó líne a shíneann siar feadh na líne leithid le domhanleithead 37°00' ó thuaidh go domhanfhad 76°00' siar agus as sin ó dheas díreach go Rinn Henry, Virginia.

Roinn 6C

An chuid sin den fholimistéar atá suite siar ó dhomhanfhad 70°00' siar agus ó dheas ó fho-roinn 6B.

Roinn 6D

An chuid sin den fholimistéar atá suite soir ó ranna 6B agus 6C agus siar ó dhomhanfhad 65°00' siar.

Roinn 6E

An chuid sin den fholimistéar atá suite soir ó roinn 6D agus siar ó dhomhanfhad 60°00' siar.

Roinn 6F

An chuid sin den fholimistéar atá suite soir ó roinn 6E agus siar ó dhomhanfhad 55°00' siar.

Roinn 6G

An chuid sin den fholimistéar atá suite soir ó roinn 6F agus siar ó dhomhanfhad 55°00' siar.

Roinn 6H

An chuid sin den fholimistéar atá suite soir ó roinn 6G agus siar ó dhomhanfhad 42°00' siar.

IARSCRÍBHINN IV

**SAINMHÍNITHE AGUS CÓDÚ LE hÚSÁID AGUS SONRAÍ AR GHABHÁIL Á
dTÍOLACADH**

**(A) LIOSTA CATAGÓIRÍ MAIDIR LE TREALAMH IASCAIREACHTA/
SOITHIGH IASCAIREACHTA**

(ón Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh ar Threalamh Iascaireachta (ISSCFG))

Catagóir	Giorrúchán
<i>Tráil</i>	
Tráil ghrinnill	
– tráil bhíoma	TBB
– tráil dobharchú (cliathán nó deireadh neamhshonraithe)	OTB
– tráil dobharchú (cliathán)	OTB1
– tráil dobharchú (deireadh)	OTB2
– tráil i bpáirt (dhá shoitheach)	PTB
– tráil séaclaí	TBS
– tráil nephrops	TBN
– tráil ghrinnill (neamhshonraithe)	TB
Tráil mheánuisce	
– tráil dobharchú (cliathán nó deireadh neamhshonraithe)	OTM
– tráil dobharchú (cliathán)	OTM1
– tráil dobharchú (deireadh)	OTM2
– tráil i bpáirt (dhá shoitheach)	PTM
– tráil séaclaí	TMS
– tráil mheánuisce (neamhshonraithe)	TM

Dé-thráil	OTS
Dé-thráil dobharchú	OTT
Tráil i bpáirt (dhá shoitheach) (neamhshonraithe)	PT
Tráil dobharchú (neamhshonraithe)	OT
Tráil eile (neamhshonraithe)	TX
<i>Saighní</i>	
Saighní trá	SB
Saighní báid/saighní soithigh	SV
– saighní Danmhargacha	SDN
– saighní Albanacha	SSC
– saighní i bpáirt (dhá shoitheach)	SPR
Saighní (neamhshonraithe)	SX
<i>Líonta timpeallaithe</i>	
Le peas-saighneoireacht	PS
– soitheach amháin	PS1
– dhá shoitheach	PS2
Gan pheas-saighneoireacht (lampara)	LA
<i>Eangacha geolbhaigh agus sáinneangacha</i>	
Eangacha geolbhaigh socraithe (ar ancaire)	GNS
Sruthlíonta geolbhaigh	GND
Eangacha geolbhaigh timpeallaithe	GNC
Eangacha geolbhaigh seasta (le cuaille)	GNF
Traimlí	GTR
Traimlí agus eangacha geolbhaigh in éineacht	GTN
Eangacha geolbhaigh agus sáinneangacha (neamhshonraithe)	GEN
Eangacha geolbhaigh (neamhshonraithe)	GN

<i>Duáin agus doruithe</i>	
Doruithe fada socraithe	LLS
Doruithe fada le sruth	LLD
Doruithe fada (neamhshonraithe)	LL
Doruithe láimhe agus doruithe cuaille (láimhe)	LHP
Doruithe láimhe agus doruithe cuaille (meicniúla)	LTM
Doruithe le roithleán	LTL
Duáin agus doruithe (neamhshonraithe)	LX
<i>Gaistí</i>	
Sáinneangacha do-aistrithe gan chlúdach	FPN
Potaí clúdaithe	FPO
Líonta Fyke	FYK
Bacainní, sconsaí, coraí etc.	FWR
Líonta scríbe beaga	FSN
Líonta aeir	FAR
Gaistí (neamhshonraithe)	FIX
<i>Trealamh titimeach</i>	
Teilglíonta	FCN
Trealamh titimeach (neamhshonraithe)	FG
<i>Dreidirí</i>	
Dreidire báid	DRB
Dreidire láimhe	DRH
<i>Streachailt agus goineadh</i>	
Harpún	HAR
<i>Líonta ardaithe</i>	
Líonta ardaithe iniompartha	LNP

Líonta ardaithe le bád	LNB
Líonta ardaithe do-aistrithe ar chladach	LNS
Líonta ardaithe (neamhshonraithe)	LN
<i>Meaisíní fómhair</i>	
Caidéil	HMP
Dreidirí meicnithe	HMD
Meaisíní fómhair (neamhshonraithe)	HMX
<i>Trealamh ilghnéitheach</i>	MIS
<i>Trealamh neamhaithnid</i>	NK

(B) SAINMHÍNITHE AR IARRACHT IASCAIREACHTA A THOMHAS I LEITH CATAGÓIRÍ TREALAIMH

Is cóir trí leibhéal beachtais a thabhairt i leith iarracht iascaireachta, nuair is féidir.

Catagóir A

Trealamh iascaireachta	Tomhas iarrachta	Sainmhínithe
Líonta timpeallaithe (peas-saighneoireacht)	Líon tacar	Líon amanna a socraíodh nó a cuireadh an trealamh, cibé an dearnadh gabháil nó nach ndearnadh. Tá an tomhas seo oiriúnach nuair a bhíonn gaol idir méid na scoileanna éisc agus an phacáil agus líonmhaireacht stoic, nó sa chás go ndéantar na tacair go randamach
Saighní trá	Líon tacar	Líon amanna a socraíodh nó a cuireadh an trealamh, cibé an dearnadh gabháil nó nach ndearnadh
Saighní báid	Líon na n-uaireanta iascaireachta	Líon amanna a socraíodh nó a cuireadh an trealamh oiread an mheántacair mheasta nó aga curtha an trealaimh
Tráil	Líon na n-uaireanta	Líon na n-uaireanta ina raibh an trál san uisce (trál meánuisce) nó ar an ngrinneall (trál grinnill), agus ag iascaireacht
Dreidirí báid	Líon na n-uaireanta iascaireachta	Líon na n-uaireanta ina raibh an dreidire ar an ngrinneall agus ag iascaireacht

Eangacha geolbhaigh (socraithe nó le sruth)	Líon na n-aonad iarrachta	Fad na líonta curtha in iúl in aonaid de 100-méadar arna n-iolrú ar líon na dtacar a rinneadh (= fad iomlán carntha tugtha i méadair de na líonta úsáidte i dtráth áirithe arna roinnt ar 100)
Eangacha geolbhaigh (seasta)	Líon na n-aonad iarrachta	Fad an lín curtha in iúl in aonaid de 100-méadar arna n-iolrú ar líon na n-amanna ar glanadh an líon
Gaistí (sáinneangacha gan chlúdach)	Líon na n-aonad iarrachta	Líon laethanta iascaireachta arna iolrú ar líon na n-aonad a dtarlaítear
Potaí clúdaithe agus líonta fyke	Líon na n-aonad iarrachta	Líon na n-arduithe arna iolrú ar líon na n-aonad (= líon iomlán na n-aonad ar a ndearnadh iascach i dtráth áirithe)
Doruithe fada (socraithe nó le sruth)	Mílte duán	Líon na nduán arna n-úsáid i dtráth áirithe roinnte ar 1,000
Doruithe láimhe (cuaille, roithleán, díreog, etc.)	Líon na laethanta doruithe	Líon iomlán na ndoruithe arna n-úsáid i dtráth áirithe
Harpúin		(Sonraí a thabhairt ar leibhéil iarrachta B agus C amháin)

Catagóir B

Líon na laethanta iascaireachta: líon na laethanta ar a ndearnadh iascach. Maidir leis na hiascaigh sin ag a mbíonn an cuardach féin ina lárchuid den obair iascaireachta, is cóir na laethanta sin ar a raibh cuardach ar siúl ach nach ndearnadh aon iascach, a áireamh sna sonraí a bhaineann le ‘laethanta iascaireachta’.

Catagóir C

Maidir le *líon na laethanta ar an meá* is cóir, mar aon le laethanta ar a ndearnadh iascach agus cuardach, gach lá eile a raibh an soitheach ar an meá a áireamh freisin.

Céatadán den iarracht mheasta (iarracht pro rata)

Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh fáil ar thomhais iarrachta don ghabháil iomlán, ba chóir céatadán den iarracht mheasta a thabhairt le fios. Déantar an céatadán seo a ríomh mar seo a leanas:

$$(((\text{Gabháil iomlán}) - (\text{An ghabháil dá bhfuil iarracht taifeadta ina leith})) \times 100) / (\text{Gabháil iomlán})$$

(c) CATAGÓIRÍ MHÉID NA SOITHEACH

(ón Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh ar Shoithigh Iascaireachta (ISSCFV))

Aicmí tonnáiste

Catagóir olltonnáiste	Cód
0-49,9	02
50-149,9	03
150-499,9	04
500-999,9	05
1 000-1 999,9	06
2 000-99 999,9	07
Níl ar eolas	00

(d) AN PRÍOMHSPEICEAS ARNA LORG

Is é seo an speiceas ar a dhíríonn an iascaireacht den chuid is mó. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, nach bhfreagróidh an speiceas sin don speiceas is coitianta a bheidh sa ghabháil. Ba cheart an speiceas a thabhairt le fios tríd an aitheantóir 3-alfa a úsáid (féach Iarscríbhinn I).

↓ 2018/93 (oiriúnaithe)

IARSCRÍBHINN V

FORMÁID CHUN SONRAÍ A THÍOLACADH

↓ 1636/2001 Airt. 2 agus
Iarscríbhinn IV (oiriúnaithe)

A. FORMÁID AN CHÓDAITHE

Le haghaidh aighneachtaí de bhun Airteagal 2(1)(a)

Ba cheart na sonraí a thíolacadh i bhfoirm taifead ilfhaid agus idirstad (:) a chur idir réimsí an taifid. Ba cheart na réimsí seo a leanas a áireamh i ngach taifead:

Réimse	Nótaí
Tír	Cód ISO 2-alfa (e.g. FR = An Fhrainc)
Bliain	e.g. 2001 nó 01
Mórlimistéar iascaireachta FAO	21 = An tAtlantach Thiar Thuaidh
Roinn	e.g. 3 Pn = fo-roinn NAFO 3 Pn
Speiceas	aitheantóir 3-alfa
Gabháil	Tonnaí

Le haghaidh aighneachtaí de bhun Airteagal 2(1)(b)

Ba cheart na sonraí a thíolacadh i bhfoirm taifead ilfhaid agus idirstad (:) a chur idir réimsí an taifid. Ba cheart na réimsí seo a leanas a áireamh i ngach taifead:

Réimse	Nótaí
Tír	cód ISO 2-alfa (e.g. FR = An Fhrainc)
Bliain	e.g. 0001 nó 2001 don bhliain 2001
Mí	e.g. 01 = Eanáir
Mórlimistéar iascaireachta FAO	21 = An tAtlantach Thiar Thuaidh
Roinn	e.g. 3 Pn = fo-roinn NAFO 3 Pn
Príomhspeiceas arna lorg	aitheantóir 3-alfa

Catagóir soithigh/trealaimh	Cód ISSCFG (e.g. 0TB2 = trál dobharchú grinnill)
Aicmiú mhéid an tsoithigh	Cód ISSCFV (e.g. 04 = 150-499,9 GT):
Olltonnáiste meánach	Tonnaí
Meánchumhacht an innill	Cileavatanna
Céatadán den iarracht mheasta	Uimhriúil
Aonad	(e.g. COD = trosc an Atlantaigh nó A = tomhais iarrachta A)
Sonraí	Gabháil (i dtonnaí méadracha) nó aonad iarrachta

(a) Ní mór an ghabháil a thaifeadadh i bhfoirm coibhéise beomheáchain de na gabhálacha.

(b) Cóid na dTíortha:

An Bheilg	BE
An Bhulgáir	BG
Poblacht na Seice	CZ
An Danmhairg	DK
An Ghearmáin	DE
An Eastóin	EE
An Ghréig	EL
An Spáinn	ES
An Fhrainc	FR
Éire	IE
An Íoslainn	IS
An Iodáil	IT
An Chipir	CY
An Laitvia	LV
An Liotuáin	LT

Lucsamburg	LU
An Ungáir	HU
Málta	MT
An Ísiltír	NL
An Iorua	NO
An Ostair	AT
An Pholainn	PL
An Phortaingéil	PT
An Rómáin	RO
An tSlóivéin	SI
An tSlóvaic	SK
An Fhionlainn	FI
An tSualainn	SE
An Tuirc	TR
An Ríocht Aontaithe	UK

B. AN MODH CHUN NA SONRAÍ A CHUR CHUIG AN GCOIMISIÚN EORPACH

Chomh fada agus is féidir, is cóir na sonraí a chur isteach i bhformáid leictreonach (mar shampla, iatán ríomhphoist).

Sa chás nach féidir é sin a dhéanamh, glacfar leis an gcomhad ar dhiscéad 3.5" HD.



IARSCRÍBHINN VI

Rialachán aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air

Rialachán (CEE) Uimh. 2018/93 ón gComhairle
(IO L 186, 28.7.1993, lch. 1)

Pointe X.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le
hIonstraim Aontachais 1994
(IO C 241, 29.8.1994, lch. 189)

Rialachán (CE) Uimh. 1636/2001 ón gCoimisiún
(IO L 222, 17.8.2001, lch. 1)

Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint
na hEorpa agus ón gComhairle
(IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

Airteagal 3 agus Iarscríbhinn III,
pointe 44 amháin

Pointe 10.9 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le
hIonstraim Aontachais 2003
(IO L 236, 23.9.2003, lch. 571)

IARSCRÍBHINN VII

Tábla Comhghaoil

Rialachán (CEE) Uimh. 2018/93	An Rialachán seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 4
Airteagal 5	Airteagal 5
Airteagal 6(1) agus (2)	Airteagal 6(1) agus (2)
Airteagal 6(3)	-
Airteagal 7(1)	Airteagal 7(1)
Airteagal 7(2)	Airteagal 7(2)
Airteagal 7(3)	-
Airteagal 7(4)	Airteagal 7(3)
Airteagal 8	-
-	Airteagal 8
Airteagal 9	Airteagal 9
Iarscríbhinn I	Iarscríbhinn I
Iarscríbhinn II	Iarscríbhinn II
Iarscríbhinn III	Iarscríbhinn III
Iarscríbhinn IV	Iarscríbhinn IV
Iarscríbhinn V	Iarscríbhinn V
-	Iarscríbhinn VI
-	Iarscríbhinn VII